Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6436/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0041(NLE)**

**JAI 261**
**COPEN 30**
**EPPO 1**
**GAF 3**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 69 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696<br>ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de<br>Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’), |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 69 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 69 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.3.2025
COM(2025) 69 final

2025/0041 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’),**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2017/1939[1] lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), glacadh é an 12 Deireadh Fómhair 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Samhain 2017. Ghlac OIPE air féin na cúraimí imscrúdúcháin agus ionchúisimh a tugadh dó leis an Rialachán sin an 1 Meitheamh 2021. Cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371[2] agus arna gcinneadh faoi Rialachán (AE) 2017/1939, tá OIPE freagrach as déantóirí na gcionta coiriúla sin agus as a gcomhchoirithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/1939, is in Oifig Lárnach OIPE a oibríonn an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach, na hIonchúisitheoirí Eorpacha agus daoine eile nach iad.

Le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2017/1939 rialáiltear ceapadh agus dífhostú an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh, ar de chomhthoil Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a cheaptar é. I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, is ar ghlao oscailte ar iarrthóirí a bhunaítear an roghnú, agus ina dhiaidh sin tiomsaíonn painéal roghnúcháin gearrliosta d’iarrthóirí cáilithe atá le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Foráiltear le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 freisin go mbunóidh an Chomhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin ar thogra ón gCoimisiún.

An 13 Iúil 2018, ghlac an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin[3], rialacha a leasaíodh ina dhiaidh sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1008 ón gComhairle[4] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/134 ón gComhairle[5]. An 17 Eanáir 2023, cheap an Chomhairle comhaltaí an phainéil roghnúcháin[6].

---

1. Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1-71).
2. Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, IO L 198, 28.7.2017, lch. 29–41
3. Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’), IO L 282, 12.11.2018, lgh. 8–12.
4. Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1008 ón gComhairle an 9 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 221, 10.7.2020, lgh. 1-2
5. Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/134 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 a mhéid a bhaineann le húsáid físchomhdhála maidir le héisteacht na n-iarrthóirí, IO L 17, 19.1.2023, lgh. 92–93.
6. Cinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 17, 19.1.2023, lgh. 90-91.

An 14 Deireadh Fómhair 2019, cheap Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an chéad Ionchúisitheoir Eorpach in OIPE[7]. I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1939, ceapadh an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach ar feadh tréimhse 7 mbliana neamh-in-athnuaite ón 31 Deireadh Fómhair 2019. Dá bhrí sin, ní mór an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach a ionadú faoi mhí Dheireadh Fómhair 2026.

I gcomhréir le Riail III de rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin, is é an Coimisiún atá freagrach as rúnaíocht an phainéil roghnúcháin. Cuireann an rúnaíocht an tacaíocht riaracháin is gá ar fáil chun an bord roghnúcháin a oibriú, lena n-áirítear doiciméid a aistriú. Foráiltear le Riail V de rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin gur cheart do rúnaíocht an phainéil roghnúcháin na hiarratais ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a chur chuig comhaltaí uile an phainéil roghnúcháin a luaithe a gheofar na hiarratais sin.

I gcomhréir le Riail VI.1, ar iarratais na n-iarrthóirí a fháil, ba cheart don phainéal roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar na hiarratais sin i dtaca leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, mar a shonraítear a thuilleadh sa ghlao, na hiarrthóirí a rangú agus éisteacht le líon leordhóthanach de na hiarrthóirí is airde rangú d'fhonn gearrliosta iarrthóirí a bhunú. Ina dhiaidh sin, ba cheart don rúnaíocht an gearrliosta d'iarrthóirí cáilithe do phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Ní shonraítear i Rialachán (AE) 2017/1939 ná sna rialacha oibriúcháin cén t-údarás atá freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Chuige sin, is iomchuí soiléiriú a dhéanamh i Riail VI maidir leis an nós imeachta chun an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach a cheapadh.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo a shoiléiriú gur cheart don Choimisiún, atá freagrach as rúnaíocht an phainéil roghnúcháin, a bheith freagrach freisin as an nglao oscailte ar iarrthóirí a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ullmhaigh agus gur fhoilsigh an Coimisiún an chéad ghlao oscailte ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh.

Ós rud é gurb iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a cheapann an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach go comhpháirteach, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an dá institiúid sin, ar an leibhéal iomchuí, maidir leis an dréachtghlao oscailte sula bhfoilseofar é.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is trí bhíthin Rialachán (AE) 2017/1939 a bunaíodh OIPE, rialachán a glacadh ar bhonn Airteagal 86 de CFAE. Tríd an togra seo le haghaidh leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1008 ón gComhairle agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/134 ón gComhairle, tá an Coimisiún ag comhlíonadh a oibleagáidí faoi Airteagail 14(3) agus 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939. Leis an togra seo, beifear in ann nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a chur i gcrích ar bhealach éifeachtúil agus ról an Choimisiúin sna nósanna imeachta sin a shoiléiriú, agus sainchumais Pharlaimint na hEorpa

[7] Cinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, IO L 274, 28.10.2019, lgh. 1–2.

agus na Comhairle á n-urramú an tráth céanna. Dá bhrí sin, tá an togra seo comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 14(3)(c) de Rialachán (AE) 2017/1939.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis an gComhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 a leasú ach amháin ar thogra ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, is inniúlacht eisiach í nach bhfuil faoi réir phrionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhrí sin. Tá an togra seo ríthábhachtach chun éifeachtacht agus dlíthiúlacht nósanna imeachta ainmniúcháin agus ceapacháin an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh agus na nIonchúisitheoirí Eorpacha a áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Foráiltear le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 go mbunóidh an Chomhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin ar thogra ón gCoimisiún. Glacadh na rialacha oibriúcháin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle. Dá bhrí sin, is í an reachtaíocht atá ann cheana ar an ábhar seo a fhorchuirfidh rogha na hionstraime atá beartaithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

I bhfianaise chineál teicniúil an togra seo agus a thionchar an-teoranta, ní dhearnadh meastóireachtaí *ex post*, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ná measúnuithe tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I bhfianaise chineál an bhirt seo, níl aon ghá le pleananna cur chun feidhme agus faireachán ná le socruithe meastóireachta agus tuairiscithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1, leasófaí na rialacha oibriúcháin chun a shoiléiriú gurb é an Coimisiún an institiúid atá freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar an leibhéal iomchuí. Ós rud é nach sonraítear sna rialacha oibriúcháin atá ann faoi láthair cén t-údarás atá freagrach chun na críche sin, is é is aidhm don leasú seo an chéim thábhachtach seo de nós imeachta roghnúcháin agus ceapacháin an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a shoiléiriú.

2025/0041 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'),**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle[9], bunaíodh rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin chun an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus Ionchúisitheoirí Eorpacha a cheapadh.

(2) Cé nach sonraítear i Rialachán (AE) 2017/1939 ná i Riail VI de na rialacha oibriúcháin cén t-údarás atá freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ba é an Coimisiún a bhí freagrach as an gcéad ghlao oscailte ar iarrthóirí a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú, agus cuireann sé an painéal roghnúcháin ar fáil don rúnaíocht, a scrúdaíonn na hiarratais.

(3) Is gá a shoiléiriú, dá bhrí sin, gurb é an Coimisiún atá freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú, tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar an leibhéal iomchuí.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 mar a leanas:

I Riail VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

---

8 IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.
9 IO L 282, 12.11.2018, lch. 8.

‘Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir leis an dréachtghlao, sula nglacfar é, ar an leibhéal iomchuí. Tar éis iarratais na n-iarrthóirí a fháil, déanfaidh an painéal roghnúcháin athbhreithniú ar na hiarratais i bhfianaise na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, mar a shonraíonn an Coimisiún a thuilleadh san fhógra folúntais. Iarrthóirí nach gcomhlíonann na ceanglais incháilithe, déanfar iad a eisiamh ó na chéad chéimeanna eile den nós imeachta. Rangóidh an painéal roghnúcháin na hiarrthóirí a chomhlíonann na ceanglais de réir a gcáilíochtaí agus a dtaithí, ar bhonn na doiciméadachta agus na faisnéise a cuireadh ar fáil san iarratas, nó a cuireadh ar fáil tar éis iarraidh de bhun Riail V. Tabharfaidh an painéal roghnúcháin éisteacht do líon leordhóthanach de na hiarrthóirí is airde rangú ionas go mbeidh sé in ann an gearrliosta dá dtagraítear i Riail VII(1) a bhunú. Is i bpearsa a dhéanfar an éisteacht, sin nó is trí fhís-chomhdháil a dhéanfar é ar chinneadh an phainéil roghnúcháin, *motu proprio* nó arna iarraidh sin don iarrthóir. Sula gcinnfidh an painéal roghnúcháin ar a thionscnamh féin éisteacht a reáchtáil trí fhíschomhdháil, ceadóidh sé don iarrthóir a thuairimí a chur in iúl.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACHTACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ........ 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ........ 3

1.3. Cuspóirí ........ 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ........ 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ........ 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ........ 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ........ 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ........ 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ........ 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ........ 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ........ 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ........ 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 8

2,1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ........ 8

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ........ 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ........ 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ........ 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ........ 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc .................... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .................... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar .................... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .................... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .................... 12
3.2.1,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .................... 12
3.2.1,2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .................... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a cistíodh ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .................... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin .................... 24
3.2.3,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .................... 24
3.2.3,2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .................... 24
3.2.3,3. Leithreasuithe Iomlána .................... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach .................... 25
3.2.4,1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .................... 25
3.2.4,2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha .................... 26
3.2.4,3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach .................... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha .................... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .................... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe .................... 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam .................... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA .................... 29
4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach .................... 30
4.2. Sonraí .................... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha .................... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheacha .................... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .................... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1969 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Ceartas |

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é is príomhchuspóir don togra seo soiléiriú a dhéanamh ar an nós imeachta chun an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach a roghnú agus a cheapadh. Go sonrach, is é is aidhm dó a shoiléiriú gurb é an Coimisiún, atá freagrach as rúnaíocht an phainéil roghnúcháin, a bheidh freagrach freisin as an nglao oscailte ar na hiarrthóirí a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh sé sin soiléireacht dhlíthiúil ar fáil agus ós rud é nach sonraítear i Rialachán (AE) 2017/1939 ná sna rialacha oibriúcháin atá ann faoi láthair cén t-údarás atá freagrach as sin. |

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| A shoiléiriú go bhfuil an Coimisiún freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. |

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

| |
|---|
| Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. |

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

### 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[10]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

10 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*) […]

Ní féidir leis an gComhairle rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 a leasú ach amháin ar thogra ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, is inniúlacht eisiach í nach bhfuil faoi réir phrionsabal na coimhdeachta.

An breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Tríd an nós imeachta a shoiléiriú, beidh an Coimisiún in ann an glao ar iarratas ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo. |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo. |

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[11]

☐**Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus a soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag

[11] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: [https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.](https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx)

comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2,1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[12] | ó thíortha de chuid CSTE[13] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[14] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

12 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

13 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

14 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

*3.2.1,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Uimhir | |
|---|---|---|

| Ard- Stiúrthóireacht: <…….> | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[15] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |

[15] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cur chun feidhme clár agus/nó beart de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gan chomhlánú le haghaidh gníomhaireachtaí díláraithe)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[16] | Meán chostas | Ní aontaím | Costas | Ní aontaím | Costas | Ní aontaím | Costas | Ní aontaím | Costas | Ní aontaím | Costas | Ní aontaím | Costas | Ní aontaím | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[17]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

16 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

17 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo- iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

*3.2.3,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN 2021 - 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*3.2.4,1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha (FTEnna)*[18]

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 |
|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | |

18 cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha, laistigh den líon a shonraítear, a sannadh do bhainistíocht an bhirt cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, agus cé hiad na glanriachtanais atá aga.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] | - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **0** | **0** |

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá le fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | | | Neamhbhainteach | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais TF ar chláir oibríochtúla | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |

*3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

| Neamhbhainteach |
|---|

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| Neamhbhainteach |
|---|

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

| Neamhbhainteach |
|---|

*3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú ó thríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú ó thríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach

Tá an tionscnamh teoranta go docht do leasú spriocdhírithe ar rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin chun a shoiléiriú gur cheart don Choimisiún a bheith freagrach as foilsiú an ghlao ar iarratais ar phost an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Níl aon ábharthacht dhigiteach ag baint leis an leasú spriocdhírithe

| |
|---|
| seo. |

**4.2. Sonraí**

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

**4.3. Réitigh dhigiteacha**

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

***4.4. Measúnú idir-inoibritheacha***

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

**4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

| |
|---|
| Neamhbhainteach |